*Uimhir* 35 *de* 2000

# AN tACHT UM BORD SCANNÁN NA hÉIREANN (LEASÚ), 2000

[*An tiontú oifigiúil*]

## RIAR NA nALT

Alt


1. Leasú ar alt 10 den Acht um Bord Scannán na hÉireann, 1980.

2. Gearrtheideal agus comhlua.

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um Bord Scannán na hÉireann, 1980 | 1980, Uimh. 36 |
| Na hAchtanna um Bord Scannán na hÉireann, 1980 go 1997 | |
| An tAcht um Bord Scannán na hÉireann (Leasú), 1997 | 1997, Uimh. 44 |

*Uimhir* 35 *de* 2000

# AN tACHT UM BORD SCANNÁN NA hÉIREANN (LEASÚ), 2000

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ AN ACHTA UM BORD SCANNÁN NA hÉIREANN, 1980. [15 *Nollaig,* 2000]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Leasú ar alt 10 den Acht um Bord Scannán na hÉireann, 1980.

**1.**—Leasaítear alt 10 den Acht um Bord Scannán na hÉireann, 1980, trí "£80,000,000" a chur in ionad "£30,000,000" (a cuireadh isteach le halt 2 den Acht um Bord Scannán na hÉireann (Leasú), 1997) agus tá an t-alt sin 10, arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

Ní mó ná £80,000,000 comhiomlán aon infheistíochtaí, iasachtaí, deontas nó airgid a sholáthróidh an Bord faoi ailt 6 agus 8 den Acht seo, i dteannta chomhiomlán na príomhshuime agus an úis a dhlífidh an Bord aon tráth áirithe a aisíoc ar scór aon ráthaíochta faoi alt 7 den Acht seo a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire, i dteannta méid na príomhshuime agus an úis (más ann) a bheidh íoctha cheana féin ag an mBord ar scór aon ráthaíochtaí agus nach mbeidh aisíoctha leis an mBord.

Gearrtheideal agus comhlua.

**2.**—(1) Féadfar an tAcht um Bord Scannán na hÉireann (Leasú), 2000, a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Bord Scannán na hÉireann, 1980 go 2000, a ghairm de na hAchtanna um Bord Scannán na hÉireann, 1980 go 1997, agus den Acht seo le chéile.